Ráiteas Príobháideachais an tSuímh Ghréasáin

Baineann an ráiteas seo le cleachtais phríobháideachais Bhord Oideachais agus Oiliúna Lú agus na Mí (BOOLM) i ndáil le suíomhanna gréasáin Cheannoifig, Scoileanna, agus Bhreisoideachas agus Oiliúint an BOOLM atá á riar ag BOO Lú agus na Mí. Níl BOOLM freagrach as an ábhar ná cleachtais phríobháideachais de shuíomhanna gréasáin seachas an suíomh gréasáin oifigiúil seo agus suíomhanna gréasáin atá faoi rialú agus á sholáthar go hoifigiúil tríd an BOOLM. Tá aon naisc sheachtracha chuig suíomhanna gréasáin eile inaitheanta dá réir.

Sonraí Pearsanta a Bhailiú, a úsáid agus a nochtadh ar Shuíomhanna Gréasáin an BOOLM:

Ní bhaileoidh BOOLM aon sonraí pearsanta fút ar an suíomh gréasáin seo ach amháin ón eolas a thugann tú go deonach. Mar shampla: má bhíonn foirm "Téigh i dTeagmháil Linn" ar fáil ar an suíomh gréasáin seo, níl aon eolas a dhéanann tú a sholáthar curtha ar fáil d'aon tríú páirtithe agus is é an BOOLM amháin a úsáideann é i gcomhréir leis an gcuspóir ar chuir tú é ar fáil dó. Is féidir do shonraí pearsanta a dhéanamh anaithnid agus a úsáid i bhfoirm chomhiomlán chun críocha staitistiúla, ach ní bheidh eolas a d'fhéadfaí tú a aithint curtha san áireamh anseo. Ní dhéanfaidh BOOLM aon eolas pearsanta a chuireann tú ar fáil d'aon tríú páirtithe a nochtadh, a dhíol ná a chomhroinnt ach amháin más gá de réir dlí.

Non-Personal/Technical information which LMETB collects from Websites:

Tá sonraí áirithe neamhphearsanta ar fáil don BOOLM tríd ár soláthraí seirbhíse idirlín. Bailítear na sonraí neamhphearsanta seo ar bhonn staitistiúil, comhiomlán, neamhaonair. San áireamh san eolas seo d'fhéadfadh an seoladh IP óna ndearna tú rochtain ar shuíomh gréasáin an BOOLM a bheith i gceist, an cineál brabhsálaí a úsáideadh chun rochtain a dhéanamh ar an suíomh gréasáin (Internet Explorer, Firefox, etc.), an cineál córais oibriúcháin a úsáideadh chun rochtain a dhéanamh ar an suíomh gréasáin (Windows, Macintosh, etc.), an t-ainm fearainn ag an "leibhéal is airde" a úsáideadh (i.e., .com, .org, etc.), dáta agus am do chuairte ar shuíomh gréasáin an BOOLM agus líon na leathanach ar thug tú cuairt orthu ar an suíomh gréasáin.

Fianáin – Cad iad?

Is comhad beag sealadach é fianán a cuireadh chuig do bhrabhsálaí ó fhreastalaí gréasáin agus a dhéantar a stóráil ar thiomántán crua do ríomhaire chun tú a aithint mar úsáideoir an tsuímh ghréasáin. Le haghaidh tuilleadh eolais maidir le conas a d'fhéadfadh suíomh gréasáin BOOLM úsáid a bhaint as fianáin, féach Polasaí um Fhianáin an BOOLM.

Cuairteoirí ar Shuíomhanna Gréasáin an BOOLM:

Nuair a thugann duine éigin cuairt ar shuíomh gréasáin de chuid an BOOLM, is féidir eolas loga idirlín caighdeánach agus patrúin iompair cuairteoirí a bhailiú. D'fhéadfadh BOOLM é seo a dhéanamh chun eolas a bhailiú maidir le líon na gcuairteoirí ar na codanna éagsúla den suíomh. Sa chás go ndéantar an t-eolas seo a bhailiú ar shuíomh gréasáin BOOLM a dtugann tú cuairt air, baileofar an t-eolas seo ar bhealach nach ndéanfar aon duine a aithint.

Slándáil

Déanann BOOLM bearta atá slán agus teicniúil a riar chun don shonraí a chosaint ó dhaoine neamhúdaraithe ag déanamh rochtana orthu, agus chun bac a chur ar phróiseáil neamhdhleathach, ó bheith caillte trí thimpiste, ó bheith scriosta agus damáiste a bheith déanta orthu. Tabharfaidh BOOLM faoi mhodhanna dea-chleachtais chun a chinntiú go bhfanann na sonraí uile atá á gcoinneáil slán i gcomhréir leis na hoibleagáidí atá orainn faoin Reachtaíocht um Chosaint Sonraí agus Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí (GDPR) de chuid an AE.

Sonraí a Chuirtear ar Fáil á gCoinneáil:

Ní choinneoidh BOOLM do shonraí pearsanta níos faide ná is gá chun an cuspóir ar chuir tú ar fáil dó a chomhlíonadh. Úsáidfear aon sonraí pearsanta a chuirtear ar fáil do shuíomh gréasáin BOOLM i gcomhréir leis na cuspóirí a bhfuarthas é dó e.g. chun teagmháil a dhéanamh leat agus aon fhiosruithe a d'ardaigh tú san fhoirm "Téigh i dTeagmháil Linn" a fhreagairt, a d'fhéadfadh a bheith ar fáil ar shuíomh gréasáin an BOOLM, nó chun dul i ngleic le haon aiseolas eile a d'iarr tú. Nuair a chuirtear an cuspóir seo i gcrích, ní choinneofar do shonraí níos faide.

Ag Déanamh Rochtana Ar Do Chuid Eolais

Tá tú i dteideal rochtain a dhéanamh ar an eolas atá faoi sheilbh an BOOLM fút. Agus iarratas i scríbhinn faighte, agus nuair a bhíonn do shonraí pearsanta ar fáil, is féidir leis an BOOLM cóipeanna de do chuid sonraí pearsanta a chur ar fáil duit. Tá tuilleadh eolais maidir le conas Iarratas ar Rochtain a dhéanamh ar Shonraí ar fáil sa chuid faoi Chosaint Sonraí ar ár suíomh gréasáin - www.lmetb.ie – About us – Data Protection

I bhfianaise an GDPR tá ár gcuid Fógraí Príobháideachais tugtha suas chun dáta agus tá siad ar fáil mar seo a leanas:

- Fógra Príobháideachais an BOOLM do Scoláirí (agus do Thuismitheoirí/Caomhnóirí)
- Fógra Príobháideachais an BOOLM d'Fhostaithe, Oibrithe Deonacha, Comhaltaí Boird, Comhaltaí Coiste etc.
- Fógra Príobháideachais CCTV an BOOLM

Le haghaidh tuilleadh eolais maidir le rud ar bith thuasluaite, téigh i dteagmháil le do thoil le dataprotection@lmetb.ie nó tabhair cuairt ar an gcuid faoi Chosaint Sonraí ar www.lmetb.ie - About Us – Data Protection.

Le haghaidh tuilleadh eolais maidir le ról an Choimisinéara um Chosaint sonraí agus conas teagmháil a dhéanamh le hoifigí an Choimisinéara um Chosaint Sonraí, tabhair cuairt le do thoil ar www.dataprotection.ie